

TIONSCADAL GNÍOMHACHTAITHE MÍCHUMAIS

2012 - 2015

Glaó ar Iarratais/ Seisiúin Eolais Réigiúnacha

Tá glaó ar iarratais faoin Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais fógartha ag an Aire Coimirce Sóisialaí, An tUas. Joan Burton. Tá an tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais á chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (Clár Oibriúcháin Infheistíochta i gCaipiteal Daonna 2007 - 2013) agus ag Rialtas na hÉireann. Beidh an maoiniú, rud a bheidh ar fáil do thionscadail i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (TLTI) á riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le tacaíocht ó Pobal.

Iarrtar iarratais le haghaidh tionscadail straitéiseacha agus nuálacha i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair ó eagraíochtaí a bhfuil taithí acu ar obair a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas. Is féidir tionscadail a mhaoiniú suas go dtí an 30^ú lá d'Aibreán 2015. Is é an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais ná Dé hAoine an 13^ú lá d'Aibreán 2012.

Is é is aidhm straitéiseach don Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais ná méadú a dhéanamh ar chumas agus acmhainneacht daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh ón Roinn Coimirce Sóisialaí le haghaidh míchumais/breuiteachta, ionas go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair agus é bunaithe ar chur chuige bainistíochta cásanna. Tá ceithre shnáithe ann:

Snáithe 1 - Feabhsú Teachta ar Fhostaíocht

Snáithe 2 – Clár Foráis do Dhaoine Óga

Snáithe 3 - Tacaíocht d'Fhorás agus Coinneáil Daoine atá faoi Mhíchumas Faighte

Snáithe 4 – Tionscnaimh Fostóirí Nuálacha

1. Tá Nótaí Eolais agus Treorach, chomh maith le Foirmeacha Iarratais, ar fáil anois ar www.pobal.ie agus www.welfare.ie
2. Beidh na seisiúin eolais, ó 10r.n. go dtí 4.30i.n. (cuirfear lón beag ar fáil) mar seo a leanas:
 - a. Dé hAoine, an 2ú lá de Mhárta - Ionad Iontas, Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin
 - b. Dé Luain, an 5ú lá de Mhárta - Óstán an Radisson, Sráid an Gheata Thuaidh, Baile Átha Luain
 - c. Dé Máirt, an 6ú lá de Mhárta - Óstán Kings Valley, Páirc Mhuirinne, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh
 - d. Dé hAoine, an 9ú lá de Mhárta - Óstán Abbey, Baile Dhún na nGall, Dún na nGall

Moltar go láidir d'iarratasóirí ionchasacha freastal ar na seisiúin seo agus ní mór clárú. Soláthrófar clinicí duine ar dhuine ar feadh cúig nóiméad déag d'iarratasóirí ionchasacha, ag na seisiúin seo ó 1.30in go dtí 4.30in. Is féidir clárú le haghaidh Seisiún Eolais agus cur in áirithint le haghaidh coinní clinice a dhéanamh ar líne ag www.pobal.ie. Is é an dáta deiridh le haghaidh clárú agus cur in áirithint ná Dé Luain, 27^ú Feabhra, 2012.

3. Seol ceisteanna ar bith chuig Ailish Quinn ag disabilityactivation@pobal.ie nó ag an uimhir ghutháin 01-5117500



Clár Chistí Struchtúra AE
na hÉireann 2007-2013

Cómhoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



Ciste Sóisialta na hEorpa

Infheistiú i do Thodhchaí